



Uimhir 3 de 1991

An tAcht Siúcra, 1991
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 3 de 1991

AN tACHT SIÚCRA, 1991

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.
 2. Scaireanna a fháil agus a dhiúscairt i gCuideachta Shealbhaíochta.
 3. Cearta Airí mar shealbhóirí scaireanna.
 4. Scaireanna a shealbhaíonn ainmnithigh.
 5. Faoiseamh maidir le dleacht stampa.
 6. Cearta fostaithe.
 7. Aisghairm.
 8. Caiteachais.
 9. Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais.
 10. Gearrtheideal agus tosach feidhme
-

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 1963	1963, Uimh. 33
An tAcht Déantóireachta Siúcra (Leasú), 1973	1973, Uimh. 6
An tAcht Déantóireachta Siúicre, 1933	1933, Uimh. 31
Na hAchtanna Déantóireachta Siúcra, 1933 go 1982	



Uimhir 3 de 1991

AN tACHT SIÚCRA, 1991

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ CHUN SCAIREANNA A SHEALBHAÍONN AN tAIRE AIRGEADAIS I SIÚICRE ÉIREANN, c.p.t. A MHALARTÚ AR SCAIREANNA EILE, D' AISGHAIRM NA nACHTANNA DÉANTÓIREACHTA SIÚCRA, 1933 GO 1982, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA. [15 Márta, 1991]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Léiriú

ciallaíonn “an tAire” an tAire Airgeadais;

ciallaíonn “an Chuideachta” Siúicre Éireann, c.p.t.;

ciallaíonn “an Chuideachta Shealbhaíochta” cuideachta phoiblí teoranta a chorpraítear nó a chorprófar in Éirinn le hordú ón Aire chun críocha an Achte seo.

2.—(1) Is dleathach don Aire tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Talmhaíochta agus Bia—

Scaireanna a fháil agus a dhiúscairt i gCuideachta Shealbhaíochta

(a) aon scaireanna de chuid na Cuideachta atá dílsithe dó nó dá chuid ainmnitheach de thuras na huairé a mhalartú ar scaireanna sa Chuideachta Shealbhaíochta, agus

(b) aon scair nó scaireanna sa Chuideachta Shealbhaíochta a

fháil, ó am go ham, trí shuibscríobh, trí cheannach, trí eisiúint chaipitliúcháin nó ar shlí eile.

(2) Is dleathach don Aire Talmhaíochta agus Bia scair speisialta a eiseoidh an Chuideachta Shealbhaíochta a fháil trí shuibscríobh, trí cheannach, trí eisiúint chaipitliúcháin nó ar shlí eile agus an scair sin a shealbhú de réir Mheabhrán Comhlachais agus Airteagail Chomhlachais na Cuideachta Sealbhaíochta agus faoina réir.

(3) Féadfaidh an tAire, nó a chuid ainmnitheach, scaireanna a shealbhú chomh fada agus is cuí leis sa Chuideachta Shealbhaíochta a bheidh dílsithe dó nó dá chuid ainmnitheach de thuras na huaire agus féadfaidh sé, ó am go ham, más iomchuí leis déanamh amhlaidh tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Talmhaíochta agus Bia, na scaireanna sin go léir nó aon scair díobh, a dhíol, a mhalartú nó a dhiúscairt, cibé acu trí fhuascailt nó ar shlí eile, ar cibé téarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha tosaíochta, is cuí leis.

(4) Airleacfar as an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis na suimeanna go léir a bheidh ag teastáil ón Aire nó ón Aire Talmhaíochta agus Bia ó am go ham chun go bhfaighidh siad scaireanna sa Chuideachta Shealbhaíochta.

(5) Gach díbhinn agus airgead eile a gheobhaidh an tAire i leith scaireanna sa Chuideachta Shealbhaíochta agus gach suim a íocfar leis i gcomaoin aon scaireanna den sórt sin a dhíol nó a dhiúscairt déanfar iad a íoc isteach sa Státchiste nó a dhiúscairt chun tairbhe don Státchiste.

(6) Má dhiúscaíonn an tAire aon scaireanna sa Chuideachta Shealbhaíochta, ar chomaoin seachas airgead tirim, ansin déanfar fáiltais na diúscartha sin a shealbhú ar iontaobhas chun tairbhe don Státchiste go dtí go réadaíonn sé fáiltais na diúscartha sin agus déanfar na fáiltais arna réadú amhlaidh a íoc isteach sa Státchiste nó a dhiúscairt chun tairbhe don Státchiste.

(7) Féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Talmhaíochta agus Bia, scaireanna a bheidh á sealbhú aige sa Chuideachta Shealbhaíochta a dhíol nó a dhiúscairt ar théarmaí agus ar choinníollacha forordaithe le cibé daoine sonraithe a bheidh forordaithe aige.

(8) Féadfaidh an tAire téarmaí agus coinníollacha éagsúla a fhorordú i leith aicmí éagsúla de dhaoine sonraithe agus féadfaidh sé coinníollacha maidir le comaoin a fhorordú lena n-áirítear coinníollacha

a bhaineann le díol nó diúscairt gan chomaoín ar bith nó ar chomaoín is lú ná margadhluach na scaireanna sin tráth a ndíola nó a ndiúscairtha.

(9) Ní dhéanfaidh an tAire Talmhaíochta agus Bia an scair speisialta dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt seo a dhiúscairt.

(10) San alt seo—

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin faoin alt seo agus forléireofar “forordú” ar an dóigh chéanna;

ciallaíonn “daoine sonraithe” fostaithe nó iarfhostaithe de chuid na Cuideachta agus saothraithe biatais.

3.—(1) Féadfaidh an tAire agus an tAire Talmhaíochta agus Bia, maidir le haon scaireanna sa Chuideachta Shealbhaíochta atá dílsithe dóibh nó atá leithroinnte orthu, na cearta agus na cumhachtaí go léir a fheidhmiú atá ag sealbhóirí nó ag leithroinnithe na scaireanna sin agus i gcás go mbeidh ceart nó cumhacht maidir le haon scair den sórt sin infheidhmithe ag aturnaí nó ag seachvótáláí, féadfaidh an tAire nó an tAire Talmhaíochta agus Bia, de réir mar a bheidh, an ceart nó an chumhacht sin a fheidhmiú trí aturnaí nó trí sheachvótáláí a cheapfaidh sé.

Cearta Airí mar
shealbhóirí scaireanna

(2) Féadfaidh an tAire, nó a chuid ainmnitheach, ar ordú ón Aire, an ceart chun aon scaireanna sa Chuideachta Shealbhaíochta a thréigean agus déileálfar, chun críocha an Achta seo, le haon suimeanna a íocfar leis an Aire nó lena chuid ainmnitheach i gcomaoín an tréigin sin ar an modh céanna a ndéileáiltear le suimeanna a íocfar leis an Aire nó lena chuid ainmnitheach i gcomaoín na scaireanna a dhíol.

4.—(1) Gach scair de chuid na Cuideachta Sealbhaíochta a bheidh le leithroinnt ar an Aire nó ar an Aire Talmhaíochta agus Bia nó ar a chuid ainmnitheach, nó a bheidh le haistriú chucu, déanfar, de réir mar a ordóidh an tAire ar leith, í a leithroinnt ar an Aire lena mbaineann, nó a aistriú chuige nó a leithroinnt ar dhuine nó a aistriú chuig duine (dá ngairtear ainmnitheach san alt seo) a bheidh ainmnithe chuige sin ag an Aire iomchuí, agus féadfar daoine éagsúla a ainmniú amhlaidh i leith scaireanna éagsúla.

Scaireanna a
shealbhaíonn
ainmnithigh

(2) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas agus beidh éifeacht leo maidir leis na scaireanna go léir de chuid na Cuideachta Sealbhaíochta atá de thuras na huaire in ainm ainmnithigh don Aire nó don Aire Talmhaíochta agus Bia, is é sin le rá:

(a) is dleathach—

- (i) don Aire nó don Aire Talmhaíochta agus Bia na scaireanna sin uile nó aon cheann díobh a aistriú chuig duine eile a roghnóidh an tAire lena mbaineann chun na scaireanna arna n-aistriú amhlaidh a shealbhú mar ainmnitheach dó;
 - (ii) don Aire a ordú d'ainmnitheach na scaireanna go léir de chuid na Cuideachta Sealbhaíochta nó aon cheann díobh a bheidh dílsithe dó de thuras na huaire mar ainmnitheach den sórt sin a dhíol, a mhalartú nó a dhiúscairt ar shlí eile;
 - (iii) don Aire nó don Aire Talmhaíochta agus Bia a ordú d'ainmnitheach na scaireanna go léir de chuid na Cuideachta Sealbhaíochta nó aon cheann díobh a bheidh dílsithe dó de thuras na huaire mar ainmnitheach den sórt sin a aistriú chuig an Aire iomchuí nó chuig duine eile a roghnóidh an tAire lena mbaineann (de réir mar a shonrófar san ordú sin) chun na scaireanna sin a shealbhú mar ainmnitheach dó;
- (b) (i) déanfaidh gach ainmnitheach na scaireanna go léir sa Chuideachta Shealbhaíochta nó aon cheann díobh a bheidh dílsithe dó de thuras na huaire mar ainmnitheach den sórt sin a shealbhú ar iontaobhas don Aire agus déanfaidh sé na scaireanna sin a dhíol, a mhalartú nó a dhiúscairt ar shlí eile i cibé slí a ordóidh an tAire ó am go ham i scríbhinn;
- (ii) déanfaidh gach ainmnitheach an scair speisialta dá dtagraítear in alt 2 (2) den Acht seo a shealbhú ar iontaobhas don Aire Talmhaíochta agus Bia, is scair a bheidh dílsithe dó de thuras na huaire mar ainmnitheach den sórt sin;
- (c) gach ordú a thabharfaidh an tAire nó an tAire Talmhaíochta agus Bia faoin bhfo-alt seo beidh sé ina údarás agus ina urscaoileadh maith dleathach don ainmnitheach dá dtabharfar é le haghaidh gach ní a bheidh déanta aige dá réir, agus ní bheidh an t-ainmnitheach sin i dteideal, ná ní cúram dó, fiosrú a dhéanamh cibé acu a tugadh an t-ordú sin go dleathach nó nár tugadh;
- (d) gníomhóidh gach ainmnitheach ar gach bealach de réir orduithe an Aire iomchuí nuair a bheidh sé ag feidhmiú na

gceart agus na gcumhachtaí is infheidhmithe maidir le scaireanna na Cuideachta Sealbhaíochta a bheidh dílsithe dó de thuras na huaire mar ainmnitheach den sórt sin;

- (e) íocfaidh gach ainmnitheach isteach sa Státhiste, i cibé slí a ordóidh an tAire, gach díbhinn agus airgead eile a gheobhaidh sé maidir le scaireanna na Cuideachta Sealbhaíochta a bheidh de thuras na huaire dílsithe dó mar ainmnitheach den sórt sin, agus freisin na fáлтаis as aon scaireanna den sórt sin a dhíol nó a dhiúscairt aige.

(3) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le hionadaí pearsanta ainmnithigh éagtha ar an tslí chéanna a bhfuil feidhm aige maidir le hainmnitheach atá beo, agus dá réir sin forléireofar an focal “ainmnitheach” san alt seo (cibé áit a gceadaíonn an comhthéacs é) mar fhocal a fholáíonn ionadaí pearsanta ainmnithigh éagtha.

5.—Ní mhuirearófar dleacht stampa ar aon chomhaontú, aistriú, tíolacas, sannadh nó léas trína ndéantar, nó trína gcomhaontaítear, aon ghnó, sócmhainní nó dliteanais de chuid na Cuideachta nó aon scaireanna a shealbhaítear sa Chuideachta nó ag an gCuideachta a aistriú, go hiomlán nó go páirteach, chuig an gCuideachta Shealbhaíochta. Faoiseamh maidir le dleacht stampa

6.—(1) Gach duine arbh fhostaí de chuid na Cuideachta é díreach roimh dháta an aistrithe teachtfaidh sé, ar dháta an aistrithe, na cearta céanna (lena n-áirítear cearta faoi scéim pinsin nó aoisliúntais de chuid na Cuideachta) agus beidh sé faoi réir na n-oibleagáidí céanna a theacht sé agus a raibh sé faoina réir díreach roimh an dáta sin. Cearta fostaithe

(2) San alt seo (ach amháin mar a n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt):

ciallaíonn “sochar” aon phinsean, blianacht, cnapshuim, aisce nó íocaíocht eile dá samhail a thugtar tráth scoir nó is iníoctha tar éis scoir maidir le hiarsheirbhís nó ar bhás, nó i ndáil le bás, le linn seirbhíse nó tar éis scoir;

foláíonn “Cuideachta” aon fhochuideachta de chuid na Cuideachta;

ciallaíonn “scéim pinsin nó scéim aoisliúntais de chuid na Cuideachta” scéim, comhshocraíocht nó ciste a bhunaítear i ndáil le gnó na Cuideachta chun sochar a chur ar fáil d’fhostaithe na Cuideachta nó a gcleithiúnaithe ar scor nó ar bhás dóibh;

tá le “fochuideachta” an bhrí a shanntar dó le halt 155 d’Acht na gCuideachtaí, 1963 (Uimh. 33 de 1963);

ciallaíonn “dáta aistrithe” an dáta a n-aistríonn an tAire a scaireanna sa Chuideachta chuig an gCuideachta Shealbhaíochta.

Aisghairm

7.—(1) Aisghairtear leis seo na hAchtanna Déantóireachta Siúcra, 1933 go 1982, seachas alt 15 (arna leasú leis an Acht Déantóireachta Siúcra (Leasú), 1973) den Acht Déantóireachta Siúicre, 1933.

(2) Aisghairtear leis seo alt 15 (arna leasú leis an Acht Déantóireachta Siúcra (Leasú), 1973) den Acht Déantóireachta Siúicre, 1933.

Caiteachais

8.—Déanfar caiteachais an Aire agus an Aire Talmhaíochta agus Bia, a thabhófar ag riar an Achta seo a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

Rialacháin a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais

9.—Gach rialachán a dhéanfar faoin Acht seo leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin laistigh den lá is fiche a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid rún a rith ag neamhniú an rialacháin beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Gearrtheideal agus tosach feidhme

10.—(1) Féadfar an tAcht Siúcra, 1991, a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfar le hordú nó le horduithe de chuid an Aire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Talmhaíochta agus Bia, go ginearálta nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú chun críocha éagsúla agus forálacha éagsúla den Acht seo.